

Preasráiteas	Tuilleadh eolais:	*Leagan Béarla ar lch. 3
Press Release	gaeilgeiorrais@gmail.com	English summary on pg 3.
22.08.2023	097-29023	

Cóisir & Ceiliúradh do pháistí as Gaeltacht Iorrais a bhí páirteach i bhFleadh Cheoil na hÉireann 2023

Ba mhaith le Gaeilge Iorrais buíochas ó chroí a ghabháil le chuile dhuine a d'fhreastail ar an ócáid cheiliúrtha don 6 páiste as Gaeltacht Iorrais a bhí páirteach i bhFleadh Cheoil na hÉireann 2023. Bhí an ceiliúradh seo ar siúl Dé Céadaoin 16 Lúnasa in Áras Inis Gluaire, Béal an Mhuirthead. Tá moladh mór millteach ag dul do na páistí seo, maraon lena gcuid tuismitheoirí agus a gcuid múinteoirí. Tháinig teaghlaigh, muintir, cairde, múinteoirí, lucht tacaíochta agus pobal na Gaeltachta seo le chéile chun obair agus éachtaí na bpáistí a cheiliúradh. Bhronn Gaeilge Iorrais roinnt féiríní ar na páistí chomh maith. Bhí slua breá (breis agus 60 duine) i láthair agus deis acu éisteacht le fonnadóirí agus cainteoirí óga na Gaeltachta seo. Nach iontach iad!

Ghlac seisear as Gaeltacht Iorrais páirt i bhFleadh Cheoil na hÉireann sa Mhuileann gCearr le gairid agus iad uilig ag freastal ar scoileanna Gaeltachta in Iorras. Bhí triúr páirteach sa chomórtas comhrá Gaeilge in aoisghrúpaí difriúla ó rang na naíonán go rang a 3; Miya Ní Ghuidhir (SN Cheathrú Thaidhg), Eimear de Róiste (SN na hEachléime agus CCÉ Craobh Chlann Lir) (comórtas comhrá Gaeilge faoi 9) agus Muireann Nic Aindriú (SN Cheathrú Thaidhg) sa chomórtas comhrá Gaeilge 9 -11. Bhí orthu thart ar dheich nóiméad cainte a dhéanamh i nGaeilge bunaithe ar ábhar éagsúil agus ansin dán a rá nó scéal a insint. D'éirigh le Miya Ní Ghuidhir an 3ú áit a bhaint amach sa chomórtas comhrá Gaeilge faoi 9. Bail ó Dhia ar an gcainteoir óg Gaeilge seo as Ros Dumhach.

Bhí triúr eile páirteach i gcomórtas amhránaíochta ar an sean-nós (faoi 12); Nell Ní Mhongáin (SN Dhumha Thuama agus CCÉ Craobh Chlann Lir), Aoibhínn Ní Mhonacháin (SN na hEachléime agus CCÉ Craobh Chlann Lir) agus Jamie Ó Ciaráin (SN Chorrchloch agus CCÉ Craobh Chlann Lir). Bhí siad ag canadh leaganacha áitiúla d'amhráin mhóra na

· Gaeilge Iorrais · f/ch Chomharchumann Ionad Deirbhile · An Eachléim · Co. Mhaigh Eo ·

Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.

Gaeltachta seo - amhráin cháiliúla cosúil le Sail Óg Rua, Sathbh Ní Mhonghaile, Cúirt Bhaile Nua, Barr an tSléibhe agus Brighid Ní Mháille. D'éirigh le Jamie Ó Ciaráin an 2ú áit a bhaint amach sa chomórtas amhránaíochta ar an sean nós (fir faoi 12). Nár laga Dia é!

Ba mhaith le Gaeilge Iorrais buíochas speisialta a ghabháil le Síle Uí Mhongáin, múinteoir amhránaíochta na bpáistí, atá ag tabhairt faoi chlár amhránaíochta ar an sean-nós i scoileanna Gaeltachta Iorrais le díograis agus le dúthracht agus a bhuí le tacaíocht ó scéim Neartú Ealaín na Gaeltachta atá á comhordú ag Gaeilge Iorrais ó 2020. Thug Síle aitheantas do Mhícheál Ó Seighin ar an oíche, a chuir tús leis an obair ar chaomhnú amhrán an cheantair seo. Gabh Síle buíochas freisin le Pádraig S Ó Murchú (Turas Siar) a roinneann a chuid saibhris, eolais agus taifeadtaí sa réimse seo go fial freisin.

Lean seisiún ceoil Comhaltas (Craobh Chlann Lir, Béal an Mhuirthead) ar aghaidh i ndiaidh na hócáide seo. Bhí lán an tí i láthair don oíche dheireanach sa tsraith seo. Bhí idir ceol, amhránaíocht, damhsa agus eile le blaiseadh ann ó scoth na gceoltóirí idir óg agus aosta. Buíochas le Craobh Chlann Lir agus Áras Inis Gluaire, Béal an Mhuirthead as a gcuid tacaíochta agus comhoibrithe i gcónaí.

Nóta maidir le Scéim Neartú (Ealaín na Gaeltachta)

Tá cothú agus cur chun cinn na n-ealaíon dúchasach i measc na hóige sa Ghaeltacht ar cheann de na bearta atá leagtha amach sa *Phlean Gníomhaíochta don Ghaeilge 2018-2022* agus sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge*.

Tá Ealaín na Gaeltachta (comhpháirtíocht idir Údarás na Gaeltachta agus An Chomhairle Ealaíon) ag comhoibriú le Roinn na Gaeltachta leis an mbeart seo a chur i bhfeidhm tríd an gclár Cuisle - Scéim Neartú san áireamh.

· Gaeilge Iorrais · f/ch Chomharchumann Ionad Deirbhile · An Eachléim · Co. Mhaigh Eo ·

Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.

Cóisir & celebration for children from the Erris Gaeltacht that took part in Fleadh Cheoil na hÉireann 2023

Gaeilge Iorrais would like to sincerely thank everyone who attended the homecoming celebration for the 6 children from Gaeltacht Iorrais that participated in Fleadh Cheoil na hÉireann 2023. Families, friends, teachers, supporters of the children along with the local Gaeltacht community came together to celebrate their work, talent and achievements. The event took place on Wednesday 16 August in Áras Inis Gluaire, Béal an Mhuirthead. Over 60 people came to celebrate and congratulate each of these children along with their parents and teachers. *Nár lága Dia iad.* All present thoroughly enjoyed listening to the children's sean-nós singing, comhrá Gaeilge and scéalaíocht, followed by a presentation to each child from Gaeilge Iorrais. It was a truly memorable and joyful occasion.

Six children from Gaeltacht Iorrais participated in Fleadh Cheoil na hÉireann 2023. All 6 attend Gaeltacht scheme schools in Erris. Three took part in the Irish language conversation competition in different age groups from infant to third class; Miya Ní Ghuidhir (SN Cheathrú Thaidhg), Eimear de Róiste (SN na hEachléime and CCÉ Craobh Chlann Lir) (under 9 comhrá Gaeilge) and Muireann Nic Aindriú (SN Cheathrú Thaidhg) in the 9-11 comhrá Gaeilge competition. These children had to speak in Irish about a variety of topics for about ten minutes and then recite a poem or tell a story *i nGaeilge*. Congrats to Miya Ní Ghuidhir on securing 3rd place in the under 9 comhrá Gaeilge competition.

Three others participated in sean-nós singing competitions (under 12); Nell Ní Mhongáin (SN Dhumha Thuama and CCÉ Craobh Chlann Lir), Aoibhínn Ní Mhonacháin (SN na hEachléime and CCÉ Craobh Chlann Lir) and Jamie Ó Ciaráin (SN Chorrchloch and CCÉ Craobh Chlann Lir). Each of these children sang local versions of renowned songs from our Gaeltacht area - songs such as Sail Óg Rua, Sadhbh Ní Mhongaile, Cúirt Bhaile Nua, Barr an tSléibhe and Brigid Ní Mháille. Congrats to Jamie Ó Ciaráin who came 2nd in the sean-nós singing competition (for under 12 boys).

Gaeilge Iorrais would like to give special thanks to their sean-nós singing teacher, Síle Uí Mhongáin, who is undertaking a sean-nós singing program in Gaeltacht scheme schools in Erris with enthusiasm and dedication. This sean-nós singing program is funded by Ealaín na Gaeltachta Neartú scheme which is coordinated by Gaeilge Iorrais since 2020. Síle gave recognition to Mícheál Ó Seighin on the night, who started this work on the preservation of songs from our Gaeltacht area. Síle also thanked Pádraig S Ó Murchú (Turas Siar) who always shares his wealth of knowledge and recordings on this topic so generously.

The Comhaltas trad music session (Clann Lir Branch, Béal an Mhuirthead) continued after this event. There was a full house for the last night of this summer series. All enjoyed a night of music, singing, dancing and more from some of the best local and visiting musicians both young and old. Huge thanks as always to Craobh Chlann Lir and Áras Inis Gluaire, Béal an Mhuirthead for their continued support and collaboration.

· Gaeilge Iorrais · f/ch Chomharchumann Ionad Deirbhile · An Eachléim · Co. Mhaigh Eo ·

Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.